# BHUEL!

Meitheamh 2019

Eagarthóir: Nuala de Búrca

Ionad na Gaeilge Labhartha

Clár:

1 Bíonn Siúlach Scéalach
5 Imeachtaí an Ionaid
7 Comórtas
7 Blúiríní



## Bíonn Siúlach Scéalach

Eimear de Brún an t-ainm atá ormsa agus tá mé ag déanamh staidéir ar an Ghaeilge agus ar an Fhraincis i gCOC. I mbliana, bhí deis agam bliain a chaitheamh sa Fhrainc ar mhaithe le snas a chur ar mo chuid Fraincise. Roghnaigh mé dul go Strasbourg, cathair álainn in oirthuaisceart na tíre san Alsáis.

Is cathair measartha beag í Strasbourg, go háirithe i gcomparáid le cathracha eile na Fraince, agus tá thart fá trí chéad míle duine ina gcónaí ann. Tá sí suite díreach ar theorainn na Gearmáine agus tá tionchar na Gearmáine le feiceáil san ailtireacht, sa bhia agus ar an mionteanga réigiúnach Alsáisis. Bhí an Alsáis mar chuid den Ghearmáin go dtí deireadh an Chéad Chogadh Domhanda nuair a ghlac an Fhrainc seilbh ar an cheantar arís de thairbhe Chonradh Versailles. Tá cultúr na nAlsásach faoi bhláth go háirithe faoin tuath ach



bíonn Alsáisis le feiceáil in Strasbourg fosta is í scríofa ar na comharthaí i lár na cathrach.

Tá Strasbourg í féin galánta; is iomaí uair a chaith mé ag spaisteoireacht timpeall ar sheansráideanna na cathrach, go háirithe i gceantar beag traidisiúnta darb ainm ‘Petite France’. Tá ardeaglais fhíor-álainn i gcroílár na cathrach agus neart caiféanna agus bialann sa chearnóg timpeall uirthi chun suí ann agus blaiseadh beag de shaol na cathrach a fháil.

Is cathair thar a bheith cultúrtha í chomh maith agus is iomaí deireadh seachtaine a bhíonn ceoltóirí amuigh ag buscáil leo, rud a chuireann go mór le hatmaisféar na háite. Anuas air sin, tá pálás ann inar chaith Marie Antoinette agus Napoléon beirt seal, iarsmalanna maidir le cultúr agus stair an cheantair agus tá go leor dánlann ann fosta. Tugtar an leasainm ‘Capitale de Noël’ ar Strasbourg agus tá muintir na cathrach iontach bródúil as an ainm seo. Bíonn Strasbourg dubh le turasóirí um Nollaig gach bliain mar gheall ar mhargadh na Nollag agus bíonn achan sráid maisithe. Díoltar bia speisialta na háite mar shampla ‘le vin chaud’ (scailtín fíona), brioscaí traidisiúnta ‘Mannele’ agus ‘Les Marrons Chauds’ (cnó capaill rósta).

Cé go bhfuil sí beag, is cathair thábhachtach í maidir le polaitíocht na hEorpa. Tá Parlaimint na hEorpa, an Chúirt Eorpach um Chearta an Duine agus Comhairle na hEorpa uilig ann agus tagann na céadta polaiteoirí, ateangairí agus iriseoirí chuig an chathair ar feadh seachtaine gach mí. Bhí an t-ádh orm féin lá a chaitheamh le hateangaire is mé ag éisteacht le díospóireachtaí agus ag bualadh le hateangairí Gaeilge na Parlaiminte. Cuireadh fáilte mhór ó chroí roimh mhic léinn Erasmus Éireannacha i gComhairle na hEorpa i mí na Márta chun ceiliúradh a dhéanamh ar Lá Fhéile Pádraig leis an ambasadóir agus le hÉireannaigh eile atá ag cur fúthu in Strasbourg.

Bhí mé féin ag déanamh staidéir ar an Litríocht agus ar an Teangeolaíocht in ollscoil ‘Université de Strasbourg’, rud a bhí dúshlánach go leor trí mheán na Fraincise ach chuaigh mé i dtaithí air i ndiaidh cúpla seachtain. Ollscoil ollmhór atá inti agus is cosúil

go bhfuil an méid is mó mac léinn idirnáisiúnta as ollscoileanna na Fraince ar fad ag freastal ar an ollscoil seo. Tá an campas i gceantar óg bríomhar na cathrach, áit ina bhfuil go leor tithe tábhairne agus bialann ach níos lú turasóirí.

Tá an ollscoil cóngarach don chathair, cosúil le COC, ach tá saol na hollscoile sa Fhrainc iontach difriúil ar fad. Bíonn cuid mhór ranganna ag na mic léinn i rith na seachtaine; tosaíonn siad ar a hocht a chlog ar maidin agus ní thagann deireadh leis an lá ollscoile go dtí a hocht a chlog san oíche in amanna. Mar sin, bhí orm foghlaim go measartha gasta conas m'aird a dhíriú ar an obair ar feadh tamaill níos faide! Chomh maith leis sin, bíonn caidreamh níos foirmeálta idir mhic léinn agus léachtóirí sa Fhrainc agus mhothaigh mé in amanna go gcaitear le mic léinn mar dhaltaí meánscoile.



Níl an oiread céanna cumann san ollscoil is atá againn i gCOC ach sheinn mé an veidhlín i gceolfhoireann na hollscoile, rud a chuidigh liom aithne a chur ar níos mó Francach. Chomh maith leis sin, tá eagraíocht iontach acu darb ainm Líonra Mac Léinn Erasmus atá á reáchtáil ag foireann dheonach agus a chuidíonn go mór leis na mic léinn idirnáisiúnta aithne a chur ar a chéile tríd imeachtaí sultmhara agus turais chuig bailte eile a eagrú. Bíonn craobh i mbeagnach achan chathair ollscoile san Eoraip, mar sin, mholfainn do mhic léinn Erasmus clárú leo. Bhuail mé le bunús mo chairde tríd an eagraíocht sin agus tá mé thar a bheith buíoch go raibh a leithéid de chumann ann! Chuir mé aithne ar dhaoine iontacha as achan chearn den domhan agus bhí sé iontach suimiúil foghlaim faoina gcultúr agus a dteangacha féin. Tá dlúthchairde agam anois as an Eilvéis, as an nGearmáin, as Poblacht na Seice, as an tSualainn agus as an tSín, i measc tíortha eile!

Is é an buntáiste is mó a bhaineann le scéim Erasmus ná an taisteal. Tá Strasbourg cóngarach don Ghearmáin agus don Eilvéis, mar sin, bhí go leor deiseanna agam cuairt a thabhairt orthu beirt. Thug mé cuairt ar Freiburg, Heidelberg agus Schwarzwald na Gearmáine agus rinne mé turas bóthair thart ar an Alsáis le cúpla cara. Is iomaí cathair álainn atá feicithe agam i mbliana, an Ghinéiv, Prág, Parás na Fraince agus Cóbanhávan ina measc! Bhain mé an-sult as Cóbanhávan, is ní hamháín sin, mar go raibh deis agam dul chun na Sualainne ar feadh an lae agus bheinn sásta bogadh go Prág na Seice anois i ndiaidh dom seachtain a chaitheamh ann le mo chara Seiceach.

Bhain mé an-sult as saol na Fraince agus as saol na Mór-Roinne, go háirithe mar gheall ar an taisteal, na cathracha ilchultúrtha agus an meascán daoine. Tá an saol níos réchúisí mar gheall ar an aimsir (cé go mbíonn sé níos fuaire ná Éire i rith an gheimhridh) agus is maith le daoine dul amach don dinnéar nó suí agus 'prendre un verre' (gloine fíona a ól) san oíche. Tá rudaí ar leith ar chronaigh mé, áfach. Chronaigh mé an Ghaeilge go mór uaim mar nach raibh mórán deiseanna agam í a labhairt agus caithfidh mé a admháil gur chronaigh mé muintir s'againn féin mar go bhfuil muid ar an daonra is cairdiúla agus is muinteartha san Eoraip! É sin ráite, bhí eispéireas iontach dearfach agam i Strasbourg agus ba bhreá liom a bheith i mo chónaí sa Fhrainc arís amach anseo. Bíonn siúlach scéalach; d'fhoghlaim mé cuid mhór i mbliana agus tá cuimhní cinn agam ón tréimhse seo a bheas agam fad mo shaoil!



# Lá na Scoileanna Gaeilge 2019

Bhí *Lá na Scoileanna Gaeilge* ar siúl san Aula Maxima ar an 17 Bealtaine 2019. Thug An tOllamh Pádraig Ó Macháin, Stiúrthóir Ionad na Gaeilge Labhartha, cuireadh do Ghaelscoileanna agus do bhunscoileanna Gaeltachta Chorcaí teacht chun na hOllscoile chun an obair thábhachtach atá ar siúl ag na scoileanna seo ar son na Gaeilge a cheiliúradh. Chuir Uachtarán na hOllscoile, an tOllamh Pádraig Ó Sé agus an tOllamh Pádraig Ó Macháin, fáilte rompu ar an lá. Chuaigh na cuairteoirí ar thuras timpeall an champais ar dtús agus d'fhreastail siad ar cheiliúradh san Aula Maxima ina dhiaidh sin. D’fhreastail baill de Bhord na Gaeilge UCC agus baill de Choiste Gnó UCC ar an ócáid, leis. Bhí ardlá ag gach aoinne. Ba bhreá le hIonad na Gaeilge Labhartha an nasc speisialta seo atá cruthaithe le Gaelscoileanna, sa chathair is sa chontae, mar aon le bunscoileanna de chuid Gaeltacht Chorcaí a neartú as seo amach.





















## Comórtas



Ainmnigh an tigh solais seo.

**€25** an duais!

Seol do fhreagra chugam ag n.deburca@ucc.ie faoin 26 Iúil 2019.

## Blúiríní

sos lóin

sa tigh tábhairne O' Sho
ar Shráid na Beairice
am lóin gach Máirt




